

ÁR N-AIDHMEANNA MAR FHOIREANN TEAGAISC

Na daltaí d'ullmhú chun a n-áit a ghlacadh go fiúntach sa sochaí trí chabhrú leo chun:

Iad féin a fhorbairt go hiomlán ó thaobh coirp, anama, intleachta, agus mothúchán de réir na mbuanna atá acu.

Meas a bheith acu orthu féin, ar dhaoine eile agus ar Dhia.

Meas a bheith acu ar an gcultúr Gaelach – tír, teanga agus traidisiún.

Luachanna cearta a bheith acu mar threoir dá mbeatha.

Dúil sa léann a chothú iontu féin.

RIALACHA NA SCOILE

Tá na rialacha inghlactha agus cothrom agus tacaíonn tuismitheoirí /caomhnóirí agus an Bord Bainistíochta leo.

Éilítear ar gach cailín:

Dílseacht a thaispeáint do mhana an Choláiste, “glaine ár gcroí”.

Gaeilge a úsáid mar theanga chumarsáide agus foghlamtha laistigh agus lasmuigh den scoil i gcónaí.

Dea-iompar a chleachtadh agus deá-bhéasaí a úsáid i gcónaí.

Bheith freagrach as a riachtanais pearsanta féin – airgead san áireamh.

IARRTAR AR GACH CAILÍN MEAS A BHEITH AICI UIRTHI FÉIN, AR A COMHSCOLÁIRÍ AGUS AR AN BHFOIREANN TEAGAISC AGUS TÍ A LÉIRIÚ TRÍ:

- Treoracha múinteoirí agus feitheoirí agus ceannairí a leanúint i gcónaí.
- Poncúlacht a chleachtadh tré a bheith in am dos na ranganna, don staidéar, do na béilí 7rl. tríd an gclog a fhreagairt ar an sprioc.
- A riachtanais scoile agus staidéir a bheith aici.
- Tráthchlár na scoile a leanúint i rith an lae agus sa staidéar.
- Obair bhaile a dhéanamh i slí sásúil.
- Socraigh an ghruaig in oiriúint dos na ranganna/staidéar. (*Dath nádúrtha amháin*)
- Éide scoile agus spóirt néata iomlán agus bróga scoile a chaitheamh mar is coir (Déanfar cigireacht air).
 - Sciorta scoile go dtí an ghlúin le fáithim agus líneáil néata.
 - Geansaí scoile i riocht mhaith.
 - Blús néata scoile.
 - Riteoga níolón dubh.
 - Bróga íseal leathar dubh. (*níl cead bróga spóirt, canbhás nó pumpaí*)
 - Níl cead smideadh nó vearnais ingne.
 - Tá cead uaireadóir agus fáiinne simplí.
 - Tá cead cneas pholladh sna **cluasa** amháin agus stodaí nó trasnáin amháin atá ceadaithe.

CHUN SLÁINTE AGUS SÁBHÁLTACHT A DHEIMHNIÚ NÍ MÓR

Siúl ar chlé ins na pasáistí i gcónaí.

Gan ithe ná ól ins na seomraí ranga ná an staidéar.

Coiméad na cealtáin faoi ghlas i gcónaí.

Féach chuige go gcoimeádtar gach áit glan, néata agus i dtreo i gcónaí. Tá tú freagrach as d'áit féin a choimeád i dtreo.

Lean treoracha an mhúinteora/fheitheora maidir le húsáid aon fhearais scoile, mar shampla, corpoideachas, fiú nuair nach mbíonn siad i láthair.
Tá guma coganta coiscthe.
Níl cead cannaí aerasóil a thabhairt isteach sa tigh.
Cosc iomlán ar alcól, toitíní agus drugaí.

SEOMRA AN BHÍDH

Bí in am dos na béilí.
Bí aireach fé na béasaí boird.
Tabhair cabhair ag glanadh tar éis gach béile.

NA SUANLIOSAÍ

Coimeád d'áit go néata, glan agus in ord.
Tá cead ipad/ipod i do áit féin in airde staighre.
Tá gach cailín freagrach as a gcuid rudaí pearsanta féin. Coimeád aon rud luachmhar sa vardrús.
Níl cead aon trealamh leictreach a fhágaint ag luchtú i rith an lae nó thar oíche.
Ciúnas iomlán ar 10.30i.n. chun liginn do chailíní dul a chodladh.
Níl cead ag aon chailín a ngruaig nó éadaí a ní ina gcillín.
Níl cead ag aon chailín dul isteach i seomra cailín eile muna bhfuil siad i láthair.
Má tá tú breoite i rith an lae, loirg cead dul a chodladh ón bPríomhoide / Bainisteoir nó ón bhFeitheoir atá i bhfeighil.

GINEARÁLTA

Níl cead ag daltaí taibleidí a thabhairt do dhaltaí eile riamh. Má tá tú ar thaibleidí, ba cheart iad a thabhairt don mBanaltra.
Ná tabhair ábhair mí-oiriúnach – leabhair, póstaer, irisleabhair, físeáin 7rl. go dtí an coláiste.
Níl aon chead dul ag snámh sa bhfarraige faid is atá tú faoi chúram an Choláiste.
Ná dein díobháil do threalamh na scoile. Má deintear beidh ar dalta / tuismitheoir díol as an gcostas.
Is féidir dul ag rith timpeall an fháinne idir 4pm agus 5 pm. ach d'ainm a scríobh sa leabhar in aice na hOifige. (Bliain 3,5,6 amháin)
Tá fón poiblí ar fail sa Choláiste. Tá cead fón póca ach beidh ar an **gcailín agus a tuismitheoir/caomhnóir an fhoirm polasaí fón a léamh, a shíniú agus a chuir ar ais go dtí an scoil** le uimhir fón an chailín.

CUAIRTEOIRÍ

Tá cead ag gach cailín dul amach lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag aon am. Bheimís buíoch da gcuirfeadh na tuismitheoirí/ caomhnóirí in iúil don scoil roimh ré má tá siad chun an cailín a thógaint amach chun an scoil a rith go héifeachtúil. Níl cead ag aon dalta an scoil d'fhágaint gan an leabhar cuairteoirí a bheith sínithe ag tuismitheoir/caomhnóir nó duine fásta freagrach ainmnithe acu. Má tá dalta ag dul amach le tuismitheoirí cailíní eile, caithfidh cead i scríbhinn óna tuismitheoirí a bheith san oifig roimh a **cúig a chlog ar an gCéadaoin roimh ré** agus beidh ar an duine lena bhfuil sí ag dul leo foirm a shíniú ag deimhniú go bhfuil siad ag glacadh freagracht iomlán di. Ní féidir dul amach muna bhfuil cead faighte. Ag gach am eile, ná téigh amach le cuairteoirí agus ná tóg cuairteoirí timpeall an tí gan cead.

AS LÁTHAIR

Más eol do thuismitheoir/caomhnóir go mbeidh dalta as láthair, ar aon chúis, cur in iúl don Phríomhoide i scríbhinn é roimh ré.

Munar féidir le cailín filleadh ar ais ar scoil tar éis briseadh ba cheart do thuismitheoirí/caomhnóirí nóta nó ríomhphost a chur go dtí an scoil chun é seo a chur in iúl.

Nuair a fhilleann cailín ar an scoil, cuir é sin in iúl don fheitheoir atá i bhfeighil a luaithe agus is féidir.

STRAITÉISÍ SMACHTA

Caithfidh cailíní glacadh le treoracha, comhairle agus ceartú ón bhfoireann teagaisc/feitheoirí agus ceannairí i gcónaí. Éilítear meas agus comhoibriú os na daltaí leis na ceannairí a bhíonn i bhfeighil. Nuair a cheartaítear cailín ní mór di a leithscéal a ghabháil. Muna nglactar le ceartú tar éis réasúin agus comhairle leasa a thabhairt, caithfear dul i muinín na straitéisí seo:

Má sháraítear aon riail, cuirfear na straitéisí smachta luaite thíos i bhfeidhm.

- An cailín a dheighilt go sealadach óna piar-ghrúpa.
- An dalta a choimeád istigh le linn am scoir nó i ndiaidh am scoile.
- Pribhléidí a bhaint di.
- Obair scoile bhreise a leagan amach.
- Coimeádfar cuntas scríofa den mí-iompar.
- Tuismitheoirí a chur ar an eolas.
- Dalta a chur ar fionraí ón scoil.
- Dalta a chur ón scoil go hiomlán.

POLASAITHE AN CHOLÁISTE

Iarrtar ar gach cailín agus a dtuismitheoirí /caomhnóirí polasaithe na scoile a léamh agus ard a thógaint orthu an tam ar fad. Tá na polasaithe ar fáil ar an suíomh idirlín www.colaiстеide.com.

Ráiteas Misean

Polasaí na Gaeilge

Polasaí Cód Iompar

Polasaí Frith Bhulaíochta

Polasaí Iontrála / Díbirt

Polasaí Sábháilteachta

Polasaí Obair Bhaile

Polasaí Oideachas Speisialta

Polasaí Ríomhaireachta

Polasaí Fón Póca

Polasaí caidreamh agus gnéas

Polasaí Úsáid Drugaí

Polasaí un Chosaint Leanáí

Polasaí Tinreamh

Polasaí Tréad Chúraim

Polasaí Treoir

Polasaí Roghnú Ábhar

Polasaí na Meáin Sóisialta

Polasaí Dalta / Tuismitheoir / Caomhnóir

Comhairle na Bunreachta